Mí na Nollag 2023

- ***An Fhéilire Liotúirgeach:*** I nGrá Dé Rang a 3 L.128 **agus nótaí a sheolfar níos luaithe.**

- ***3iú Nollag:*** *Aidbhint- cuirtear tús leis an mbliain eaglasta:* I nGrá Dé Naí Shóis L. 70, Naí Shins L. 85, Rang a 1 L.89, Rang a 2 L. 95, Rang a 3 L.137, Rang a 4 L. 137, Rang a 5 L. 139, Rang a 6 L. 171
- ***Rúndiamhara Sólásacha an Phaidrín*:** Teachtaireacht an Aingil, Cuairt na Maighdine Muire ar N. Eiliosaibeit: I nGrá Dé: Naí Shins. L. 120, Rang a 1 L.275, Rang a 2, L. 275 Rang a 3, L. 125

- **8ú Nollaig**- *Lá Fhéile giniúint gan Smál na Maighdine Beannaithe Muire.* **(Nótai thíos)**

- **12ú Nollaig**- *Muire Guadalupe*
  I nGrá Dé Rang a 4 L.343 **agus notaí thíos**
- **13ú Nollaig** – *N. Lúsaí*
  I nGrá Dé Rang a 4, L. 150

- **25ú** *Lá Nollag----Breith Íosa*

*I nGrá Dé Naí Shóis L 90, Naí Shins L.100, Rang a 1 L.103, Rang a 2, L.111, Rang a 3, L.144, Rang a 5, L. 156, Rang a 6, L.185

- **26ú Nollaig** - *N. Stiofán: an chéad mairtíreach*

- **27ú Nollaig-** *N. Eoin, Soiscéalaí*
- **28ú Nollaig** – *An Teaghlach Naofa, Íosa, Muire agus Iosaef*
- *I nGrá Dé* Naí Shóis L.105, Naí Shins. L. 117

- **Urnaí** m.s. Ag beannú bláthfhleasc na hAidbhinte agus na gcoinnle, Urnaí do Theaghlaigh

Lá Fhéile Giniúint gan Smál na Maighdine Beannaithe Muire

8ú Nollaig

- Is Lá Saoire Eaglasta é Lá Fhéile Mhuire Gan Smál. Nuair a bhíodh rudaí mar a bhíodh, ba chóir go ndéanfadh muid chuile iarracht freastal ar an Aifreann ar an lá seo.
- Ar an lá seo ceiliúrann muid an creideamh atá againn go raibh Muire Máthair Dé saor ó pheaca ó rugadh í.

- Ba é N. Joachim a hathair agus N. Anna a máthair. Ba iadsan seantuismitheoirí Íosa.
- Roghnaigh Dia í le bheith ina Máthair ag a Mhac.
- Táimid ábalta guí chuici mar ár Mathair freisin.

- Nuair a thug an tAingeal Gabriel le fios do Mhuire go mbeadh sí mar Mháthair Dé, chuaigh sí ar cuairt láithreach ag a colceathrar Eiliosaibeit a bhí ina cónaí ar an taobh eile den tír chun an dea scéala a inseacht di.

- Bhí Eiliosaibeit agus Zachariah ag súil lena bpáiste féin freisin, Eoin Baiste.

Ainmneacha do Mhuire

Tugtar a lán ainmneacha ar Mhuire. Ina measc tá:
Banrion na bhFlaitheas, Máthair Dé, Sláinte na nEaslán, Banrion na Síochána, Banrion an Phaidrín, Muire Chnoc Mhuire, Muire ró Gheanamnaí, Banrion na hÉireann, Máthair na Trócaire, Cabhair na gCriostaithe.

Paidir:

"A Mhuire, a cumadh gan pheaca, guí ar ár son a bhfuil muinín againn asat.

Gníomhaíocht:

An bhfuil tú in ann focalchuardach a dhéanamh leis na hainmneacha ar fad a thugtar ar Mhuire? Cuir isteach teideal nó dhó de do chuid féin agus iarr ar do chomhpháirtí ranga na focail a aimsiú.

Lá Fhéile Mhuire Guadalupe, NOLLAIG 12

Thaispeáin Muire í féin ina lán áiteanna ar fud an domhain agus do go leor daoine difriúla. Go minic, bíonn teachtaireacht dóchais aici agus tugann sí cuireadh do dhaoine aghaidh a thabhairt athuair ar Dhia agus urnaí a dhéanamh.

Thaispeáin Muire í féin do chailín óg dárbh ainm Bernadette i Lourdes na Fraince i 1858 agus arís do thriúr páistí i Fatima na Portaingéile i 1917.

I 1879, thaispeáin Muire í féin i gCnoc Mhuire, Co. Mhuigheo.

Léigh an scéal seo do na páistí

Scéal na Mná Áille.

Ar an Satharn an 9ú lé de mhí na Nollag, 1531, thug fear dárbh ainm Juan Diego aghaidh ar an aistear 10km chun an Aifrinn de shiúl na gcos. Bhí Juan mar bhall den treibh Aztec agus ghlac sé leis an gcreideamh Caitliceach. Ar bharr an chnoic Tepeyac, in aice le cathair Mheicsiceó, a bhí sé nuair a chonaic sé bean álainn a raibh solas lonnrach mórthimpeall uirthi os a chomhair amach. Dúirt sí leis go mba í Muire Gan Smál a bhí ann agus go mba í fíor mháthair Dhé í. Dúirt sí le Juan gur theastaigh uaithi go dtógfadh an tEaspag áitiúil séipéal ar an gcnoc le go mbeadh áit éigin ag na daoine chun adhradh agus urnaí a dhéanamh. Dúirt Muire leis gur theastaigh áit uaithi ina mbeadh sí in ann an grá a bhí aici a thaispeáint do na daoine. Dúirt sí go bhféadfaidís teacht chun na háite seo agus *"Mo chabhair a lorg. Anseo, éistfidh mé le hurnaí na ndaoine agus cabhróidh mé leo"*

Rinne Juan mar a d'iarr Muire air agus thug sé cuairt ar an easpag. Nuair a thug sé cuairt air ar dtús níor chreid an tEaspag é. Mhol Juan do Mhuire go mb'fhéidir gur chóir di duine éigin eile a lorg chun labhairt leis an easpag. Ach dúirt Muire go mba eisean a bhí uaithi mar theachtaire.

An 2ra huair theastaigh comhartha ón easpag go mba ionann an bhean seo agus Mathair Dé. Nuair a thug Juan teachtaireacht an easpaig do Mhuire, d'iarr sí air filleadh an Luan dár gcionn. Idir an dá linn d'éirigh uncail Juan an-tinn agus ní raibh sé ábalta bualadh léi ar an lá a bhí socruithe acu. Lá arna mhárach, bhí sláinte uncail Juan níos measa fós agus bheartaigh Juan fios a chur ar an sagart. Ar a bhealach go dtí teach an tsagairt thaispeáin Muire í féin dó arís agus dúirt leis gan aon imní a bheith

air faoina uncail mar go mbeadh sé ceart go leor. D'iarr sí air dul go dtí barr an chnoic agus na bláthanna a bhí ansin a bhailiú. Mí na Nollag a bhí ann agus bhí Juan cinnte nach mbeadh aon bhláthanna ansin ach rinne mar a d'iarr Muire air. Nuair a shroich sé barr an chnoic chuir sé iontas an domhain air rósanna áille a fheiceáil ag fás ansin. Phioc Juan na rósanna agus thug leis ar ais go dtí Muire iad. Thóg sise na rósanna agus rinne iad a eagrú ina chlóca. Chuaigh Juan ar ais ag an Easpag. Nuair a chonaic an tEaspag Juan theastaigh uaidh fáil amach céard a bhí sa chlóca. Nuair a d'oscail Juan an clóca, thit na rósanna áille amach. Bhí ionadh an domhain ar an eapag rósanna a fheiceáil i Mí na Nollag. Ach ba mhó go mór an t-iontas a bhí air nuair a chonaic sé íomhá de Mhuire greannta ar chlóca Juan. Chaith an teaspag é féin ar a ghlúine agus bhéic amach "Muire gan Smál" agus d'iarr ar Mhuire maithiúnas a thabhairt dó toisc nár chreid sé Juan. Le linn dó seo ar fad a bheith ag dul ar aghaidh, thaispeain Muire í féin do uncail Juan agus leigheasadh é. Thug sí teachtaireacht eile dó le tabhairt don easpag. Dúirt sí leis rá leis an easpag "go gcuirfeadhh sí ceann na hollphéiste faoi chois" Níor thuig an tEaspag teanga na nAztec a labhair an fear agus cheap sé go ndúirt sé "Guadalupe", ainm scríne do Mhuire sa Spáinn. Shocraigh sé Muire Guadalupe a thabhairt uirthi. Bhí clóca Juan déanta as snáithíní den phlanda cactus. De ghnáth, ní mhaireann siad seo ach thart ar fiche bliain. Ach tá clóca Juan, le híomhá Mhuire air, fós le feiceáil sa lá atá inniu ann. Tá sé le feiceáil i mBaisleac Mhuire Guadalupe i gCathair Mheicsiceó,

Céard a d'fhoghlaim tú?

1. Céarbh é Juan Diego?
2. Cá raibh sé ag dul?
3. Cé chomh fada is a thóg sé air dul ag an Aifreann?
4. Cén dáta a bhí ann?
5. Cén chaoi ar chuir Muir í féin in aithne?
6. Céard a d'iarr sí air a dhéanamh?
7. Cén fath ar theastaigh uaithi go dtógfaí séipéal nó scrín ar an gcnoc?
8. Céard a tharla nuair a thug Juan cuairt ar an easpag an chéad uair?
9. An raibh fonn ar Juan cuairt a thabhairt ar an easpag athuair?
10. Céard a theastaigh ón easpag an dara huair?
11. Cén fath nach raibh Juan ábalta labhairt le Muire ar an Luan?
12. Cén chaoi ar bhuail Juan le Muire arís?
13. Céard a d'iarr sí air a dhéanamh an t-am seo?
14. An raibh ionadh ar an easpag nuair a tháinig Juan ar ais?
15. Céard é an rud ba mhó a chur ionadh air?
16. Cén chaoi ar léirigh an teaspag go raibh aiféal air?
17. Cén fath gur thug an tEaspag Muire Gaudaluoe uirthi?